**Scríobh do Scrúduimhir anseo** →

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

# EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

*Don Fheitheoir amháin*

Stampa an Ionaid

**TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO**

| | |
|---|---|
| **Roinn a hAon** | Freagair **sé** cheist ar bith as an roinn seo.<br>Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.<br>Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh **ar an scrúdpháipéar seo**. |
| **Roinn a Dó** | Freagair **trí** cheist ar bith as an roinn seo.<br>Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.<br>Scríobh do fhreagraí **sa bhfreagarleabhar**. |

**Iomlán na Marcanna: 300 marc.**

**Moltar duit gan níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon.**
**Ba chóir 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó.**

**Ní mór duit an scrúdpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**


# ROINN A hAON (120 marc)

## Treoracha

- Freagair **sé** cheist ar bith. Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
- Bíodh do chuid freagraí gearr.
- Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.

**Ceist 1.**

Taispeántar nóidíní ar fhréamh de phlanda seimre sa léaráid.




(a) Cén cineál orgánaigh atá sna nóidíní sin?

____________________________________________

(b) Luaigh feidhm **amháin** atá ag na horgánaigh a bhfuil tagairt dóibh in (i).

____________________________________________

(c) Sna spásanna thíos, **tarraing agus ainmnigh** an píosa gairis a úsáidtear de ghnáth i saotharlann chun na horgánaigh a bhfuil tagairt dóibh in (i) a aistriú go dtí pláta agair.

| Léaráid | Ainm |
|---|---|
| | |

(d) Tabhair cúis **amháin** a n-úsáidtear seamair i meascáin de shíolta féir.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**(20 marc)**

**Ceist 2.**

Comhlánaigh an tábla thíos maidir leis na hainmhithe a thaispeántar sna fótagraif.

| |  |  |
|---|---|---|
| (a) Ainm an ainmhí. | | |
| (b) An fíleam lena mbaineann an t-ainmhí. | | |
| (c) Tréith amháin ag ball den fhíleam. | | |
| (d) Tábhacht sa talmhaíocht. | | |

**(20 marc)**

**Ceist 3.**

Cuir in iúl cé acu fíor (**F**) nó bréagach (**B**) atá na ráitis seo a leanas trí chiorcal a chur timpeall ar an bhfreagra ceart i ngach cás, mar a léirítear sa sampla.

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla: Bíonn na scamhóga páirteach i malartú gás.** | **(F)** | **B** |
| (a) Tá eallach Aberdeen Angus dubh agus bán. | **F** | **B** |
| (b) Fástar an sprús Sitceach i bhformhór na bhforaoisí tráchtála in Éirinn. | **F** | **B** |
| (c) Is bruthcharraig é an t-eibhear. | **F** | **B** |
| (d) Baineann an caisearbhán leis an bhfine *Gramineae*. | **F** | **B** |
| (e) Is tomhas ar leibhéal na fosfáite san ithir é pH ithreach. | **F** | **B** |
| (f) Baineann an puchán ae leis an bhfíleam *Nematoda.* | **F** | **B** |
| (g) Is é trí mhí, trí seachtaine agus trí lá tréimhse iompair na muc. | **F** | **B** |
| (h) Baintear úsáid as tuaslagán Benedict chun tástáil le haghaidh stáirse. | **F** | **B** |
| (i) Baintear úsáid as traschrios líneach i staidéir éiceolaíochta. | **F** | **B** |
| (j) Is galar coitianta muc í an ainéime. | **F** | **B** |

**(20 marc)**



**[THALL**

**Ceist 4.**

Tabhair cúis eolaíochta **amháin** a ndéantar **gach ceann** de na tascanna seo a leanas ar fheirmeacha.

(a) An cheapach síl a rolladh tar éis síol a chur.

(b) Eallach fireannach a choilleadh de ghnáth.

(c) Eallach a chur faoi dhíon le linn an gheimhridh.

(d) Caoirigh a bhearradh sa samhradh.

(e) Crainn i bhfáschoill a thanú.

**(20 marc)**

**Ceist 5.**

Luaigh **suíomh beacht** gach ceann de na codanna seo a leanas i gcorp mamaigh.
Tá an chéad cheann déanta mar shampla.

| **Cuid den chorp** | **Suíomh** |
|---|---|
| **Aitriam** | **Croí** |
| (a) Traicé | |
| (b) Húiméireas | |
| (c) Úiréadar | |
| (d) Dúidéanam | |
| (e) Ceirbrín | |

**(20 marc)**

**Ceist 6.**

Meaitseáil **gach aon** struchtúr planda sa liosta seo a leanas le cur síos sa tábla.
Tá an chéad cheann déanta mar shampla.

***Liosta*:** **fréamhribí; xiléim; ~~fléam~~; cairpéil; stómaí; staiminí.**

| **Struchtúr an phlanda** | **Cur síos** |
|---|---|
| **Fléam** | **Iompraíonn táirgí na fótaisintéise.** |
| (a) | Codanna fireannacha de bhláthanna. |
| (b) | Iompraíonn uisce ó na fréamhacha. |
| (c) | Ceadaíonn malartú gás i nduillí. |
| (d) | Ionsúnn uisce ón ithir. |
| (e) | Codanna baineannacha de bhláthanna. |

**(20 marc)**

**Ceist 7.**

(a) Tabhair an teocht a mholtar do **gach ceann** ar leith díobh seo a leanas maidir le tithíocht muc:

(i) Limistéar an bhacphoill. ____________________

(ii) Teach scoite. ____________________

(iii) Teach ramhraithe. ____________________

(b) Cén fáth a ngearrtar fiacla banbh go luath tar éis a mbreithe?

____________________

____________________

____________________

(c) Tabhair garmheáchan muc agus iad réitithe le marú.

____________________

**(20 marc)**

# ROINN A DÓ (180 MARC)

## Treoracha

**Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.**

Freagair **trí** cheist ar bith. Gabhann 60 marc le gach ceist.

---

**Ceist 8.**

(a) (i) Ainmnigh **trí** phór choitianta caorach.
(ii) Ainmnigh **dhá** pharaisít chaorach.

(b) (i) Luaigh **trí** bhuntáiste le caoirigh a chur faoi dhíon le linn breithe uan.
(ii) Déan cur síos ar **cheithre** chleachtas bainistíochta caorach roimh chúpláil agus lena linn.

(c) (i) Déan cur síos ar aiste bia uain ón mbreith go dtí an marú.
(ii) Céard é an gnáthmheáchan ina chileagraim a bhíonn sna huain agus iad á marú?

**(60 marc)**

**Ceist 9.**

(a) (i) Ainmnigh **dhá** chineál choitianta práta.
(ii) Déan cur síos ar churaíocht prátaí faoi na teidil seo a leanas:

1. Ullmhú ceapach síl.
2. Srianadh galair **ainmnithe**.
3. Srianadh fiailí.
4. Baint.

(b) (i) Is gnách go bhfástar na chéad phrátaí luatha i gceantair chósta i ndeisceart agus in oirthear na hÉireann.
Tabhair **dhá** chúis a bhfuil na ceantair sin oiriúnach chun prátaí luatha a tháirgeadh.
(ii) Is gné thábhachtach de churaíocht prátaí uainíocht na mbarr.
Tabhair **dhá** chúis a bhfuil uainíocht na mbarr tábhachtach.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun an méid ábhair thirim (DM) i bprátaí a fháil.

**(60 marc)**

**Ceist 10.**

(a) (i) Tabhair ainmneacha **dhá** phór eallaigh a úsáidtear go coitianta i dtáirgeadh **bainne**.
(ii) Tabhair ainmneacha **dhá** phór eallaigh a úsáidtear go coitianta i dtáirgeadh **feola**.

(b) Léigh an t-alt seo a leanas faoi fheirmeoireacht déiríochta agus, **i do fhreagarleabhar**, meaitseáil **gach** ceannlitir ar leith leis an uimhir cheart laethanta ón liosta thíos.

***Liosta:*** **37 lá; 21 lá; 60 lá; 282 lá; 4 lá; 305 lá.**

Bíonn dáir ar bha nó bíonn siad 'ar dáir'gach ___A___ lá. Bíonn an bhó torrach nó 'ionlao' ar feadh ___B___ lá. Tar éis na breithe, tálann an bhó cineál speisialta bainne a dtugtar gruth buí air ar feadh tuairim is ___C____ lá. Tálann an bhó bainne ar feadh ___D___ lá in aghaidh na bliana ar an meán. Sroicheann an bhó a buaicphointe táil ___E___ lá tar éis na breithe. Ba cheart an bhó 'a thriomú' tuairim is ___F___ lá roimh bhreith an chéad lao eile.

(c) Is eachtra rí-thábhachtach an bhreith ar an bhfeirm dhéiríochta.
Liostaigh **ceithre** chéim le tógáil rathúil gamhna **nó** tógáil rathúil bodóg athsholáthair a chinntiú.

(d) Déan cur síos ar **dhá** bhealach chun dea-shláinteachas a chinntiú le linn bleáin agus le linn bainne a stóráil.

**(60 marc)**

**Ceist 11.**

(a) Ainmnigh **dhá** speiceas féir a úsáidtear go coitianta i meascáin de shíolta féir.

(b) Tá athghasadh plandaí óga féir tábhachtach agus báinseach mhaith féir á bunú.

(i) Céard a chiallaíonn an téarma *athghasadh?*
(ii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach inar féidir leis an bhfeirmeoir an t-athghasadh a spreagadh.

(c) Is dhá chóras innilte iad *innilt banraí* agus *stocáil socraithe*.
Le cúnamh léaráidí lipéadaithe, mínigh an **dá** chóras sin.

(d) Déan comparáid idir féar tirim agus sadhlas faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Modh leasaithe.
(ii) Díleáiteacht.

**(60 marc)**

**Ceist 12.**

Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b), (c), (d). **(30, 30)**

(a) (i) Déan cur síos ar **thrí** ghné de chóiríocht mhaith faoi dhíon sa gheimhreadh i gcomhair laonna scoite.

(ii) Tabhair an beomheáchan garbh d'eallach ag na staideanna seo a leanas sa córas dhá bhliain 'lao go feoil':

1. Cur faoi dhíon an chéad gheimhreadh.
2. Marú.

(iii) Tar éis a mharaithe, déantar an mart a ghrádú maidir le <u>cruth</u> agus <u>raimhre</u>.
Mínigh **gach** téarma a bhfuil líne faoi.


(b) (i) Mínigh na téarmaí *uigeacht ithreach* agus *comhdhéanamh ithreach*.

(ii) Luaigh dhá thréith ag **gach ceann** ar leith de na cineálacha uigeachta ithreach seo a leanas:

1. Ithir ghainmheach.
2. Dúrabhán.
3. Ithir chréúil.

(iii) Déan cur síos ar thurgnamh chun an céatadán cré i sampla ithreach a mheas.

(c) Taispeántar goile athchogantaigh sa léaráid thíos.




(i) Mínigh an téarma *athchogantach.*

(ii) Ainmnigh na codanna ar an léaráid a bhfuil na lipéid A, B, C orthu**.** (Tá ainm cheana ar chuid D).

(iii) Mínigh céard a tharlaíonn i gcuid A den ghoile.

(iv) Cén seomra den ghoile is túisce a úsáideann laonna agus uain?

(d) Tabhair míniú eolaíochta ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

(i) Úsáid cliathbhosca breithe i gcomhair cránach.

(ii) Beathú bacphoill laonna.

(iii) Meascán de speicis chrainn á úsáid i gcrios foscaidh.

(iv) Paistí bána ar dhuillí plandaí eorna.

(v) Líon níos mó den phuchán ae in aenna caorach a bhíonn ag innilt ar thalamh fliuch.

**Ceist 13.**

(a) Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:

(i) Dioplóideach.
(ii) Ceannas neamhiomlán.
(iii) Tástáil sleachta.

(b) I síolta pise, tá an ailléil do shíolta cruinne (C) ceannasach ar an ailléil do shíolta rocacha (c).

Rinneadh planda pise, a bhí homaisigeach maidir le síolta cruinne (CC), a chrosáil le planda pise a bhí homaisigeach maidir le síolta rocacha (cc). Bhí an sliocht (F1) heitrisigeach.

**Cóipeáil an t-ábhar seo a leanas i do fhreagarleabhar agus líon na spásanna.**

Géinitíopaí na dtuismitheoirí (CC) × (cc)

(i) Gaiméítí ( ) × ( )

(ii) Géinitíopa an tsleachta (F1) ( )

(iii) Feinitíopa an tsleachta (F1) ____________________

(c) **I do fhreagarleabhar** taispeáin crosáil idir planda le síolta rocacha agus planda F1 ón bhfreagra thuas.

Taispeáin:

(i) Géinitíopa² na dtuismitheoirí ( ) × ( )

(ii) Gaiméítí ( ) × ( ) ( )

(iii) Géinitíopaí an tsleachta ( ) ( )

(iv) Feinitíopaí an tsleachta ________ ________

(d) Úsáidtear cuileanna torthaí (*Drosophila*) go forleathan agus staidéar á dhéanamh ar an ngéineolaíocht. Tabhair **trí** chúis leis sin.

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán